Iarsmaí na Gaillimhe

Acmhainn do Mhúinteoirí

múseam museum
Músaem Cathrach na Gaillimhe
Galway City Museum

Fáinne an Chladaigh

le Richard Joyce
c. 1700



Iarsmaí na Gaillimhe
Galway in Objects



Fáinne Chladaigh.
© Músaem Cathrach na Gaillimhe

© Músaem Cathrach na Gaillimhe

Plé A (tuairimíocht)

Úsáid na ceisteanna seo a leanas mar threoir do dhíospóireacht ranga.

Ba chóir na leanaí a spreagadh chun íomhá an réada a úsáid mar fhianaise, agus cúiseanna lena bhfreagraí a lua ar chúiseanna iad atá bunaithe ar an méad atá breathnaithe acu. Súmáil isteach ar an réad chun scrúdú a dhéanamh ar na mionsonraí.

- Déan cur síos ar a bhfeiceann tú...
- An bhfaca tú riamh é, cheanna féin?
- An dtaithíonn an an chuma atá air leat? Cén fáth?
- Cad as a bhfuil sé déanta?
- An bhfuil aon mharcanna air?
- An aithníonn tú aon cheann de na suaitheantais air?
- Cén chineál duine a d'fhéadfadh é a dhéanamh?
- Cén fáth a ndearna é?
- Cén chineál duine a d'fhéadfadh gurbh aigesean nó aicise é?
- Cé chomh sean is atá sé, dar leat féin? Cén fáth?
- An gceapann tú go bhfuil sé luachmhar? Cén fáth?

Tá cóip ardtaifigh den ghrianghraf seo foilsithe ag Músaem Cathrach na Gaillimhe ar a shuíomh gréasáin, agus is féidir é a íoslódáil lena chló nó lena thaispeáint go digiteach.
www.GalwayCityMuseum.ie/Galway-In-Objects/Claddagh-Ring

Ceacht

Léigh an scéal faoi Fháinne an Chladaigh

Tá sé inmholta go n-éisteann na leanaí leis an scéal gan breathnú ar an téacs ar an scáileán.





Ar chlé: Fáinne fede Iodálach, 1400idí.© Iontaobhaithe Mhúsaem na Breataine.

Ar dheis: Fáinne fede Shasanach, 1600idí.© Iontaobhaithe Mhúsaem na Breataine.

Arna Roinnt faoi cheadúnas CC BY-NC-SA 4.0.

© Músaem Cathrach na Gaillimhe

Fáinní sa Stair

Tá fáinní caite ag daoine ar a méara leis na mílte bliain. Sa tSean-Éigipt, chaitheadh Farónna agus daoine mór le rá eile fáinní séala, fáinní a raibh a n-ainm agus a stádas greanta orthu in iairiglifí, a d'fhéadfaí a úsáid chun doiciméad a stampáil nó a shíniú.

Ón Éigipt scaip an nós fáinní a chaitheamh go dtí an tSean-Ghréig, áit ar úsáideadh iad le haghaidh maisiúcháin den chuid is mó. Sa tSean-Róimh, bhí fáinní ina siombailí stádais agus ní raibh ach lucht an rachmais in ann fáinní óir a chaitheamh (chaitheadh daoine nach raibh chomh tábhachtach sin fáinní iarainn).

Le himeacht ama, leathnaíodh an phribhléid a bhaineann le fáinní óir a chaitheamh chuig beagnach gach duine, ach amháin sclábhaithe, san Impireacht Rómhánach. Chuir na Rómhánaigh tús le nós na bhfáinne gealltanais, rud a léirigh gealltanas an phósta idir beirt.

Fáinne an Chladaigh

Léiríonn an cineál fáinne ar a dtugtar **Fáinne an Chladaigh** dhá lámh ag béar ar chroí ar a bhfuil coróin. Is leagan malartach é ar fháinne ***fede*** (focal a chiallaíonn 'iontaoibh'), fáinne a tháinig ón**tSean-Róimh** agus a raibh an-tóir uirthi ar fud na **hEorpa sa Mheánaois.** Go hiondúil bhíodh dhá lámh fáiscthe le feiceáil ar na fáinní fede seo, rud a léirigh an bhreith ar lámha a chéile ag searmanas pósta.

Maidir leis an bhfáinne óir áirithe seo, is í an Fáinne Chladaigh is sine a rinneadh i nGaillimh. Is é an gabha órga ba dhuine de mhuintir na háite é, **Richard Joyce** (nó **Ioyes)** a rinne é timpeall **1700** agus tá a chuid inisealacha, RI stampáilte air (féach 'Scéal Richard Joyce'). Mar gheall ar cé chomh mór is atá sé, ceaptar gur fáinne fhir é. Tá an fáinne stampáilte freisin le dhá thacar eile de na ceannlitreacha NCM agus MRC, agus creidtear gur sin inisealacha an lánúin phósta. Cheannaigh Músaem Cathrach na Gaillimhe an fáinne in 2020.



SATURDAY, APRIL 30, 1898.

DILLON, JEWELLER,

WILLIAM STREET, GALWAY, AND CHURCH STREET, ATHLONE.

(ESTABLISHED OVER HALF A CENTURY)

MAKER OF THE GALWAY CLADDAGH RING, FROM THE ORIGINAL DESIGN.

As Exhibited at Irish Arts' Exhibition, Dublin, 1893; Irish Exhibition, London, 1888; and the World's Fair, Chicago, 1893.

SUPPLIED TO HER EXCELLENCY THE COUNTESS OF ABERDEEN AND THE COMMANDER-IN-CHIEF FIELD MARSHAL LORD WOLSELEY, K.P.G., C.B., &c., &c.

His Lordship pronounced the Ring as being "VERY WELL MADE AND VERY PRETTY."

THE Great House FOR Wedding Rings AND WEDDING PRESENTS

HIGH-CLASS WORK.

PRICES AS LOW AS POSSIBLE.

LARGEST STOCK OF Connemara Marble Jewellery IN THE KINGDOM.

GOLD AND SILVER WATCHES OF THE Very Best Make.

Large & Select Stock OF GOLD AND SILVER JEWELLERY.

Complicated and Defective Watches Repaired.

ONLY FIRST-CLASS WORKMEN EMPLOYED.

PRICES AS LOW AS ANY HOUSE IN IRELAND.

DILLON, JEWELLER,

William Street, Galway, and Church Street, Athlone.

(ESTABLISHED OVER HALF A CENTURY.)

Dillon Jeweller, Sráid Liam, Gaillimh: 'Déantóir Fháinne an Chladaigh, ón Dhearadh Bunaidh', *Galway Express,* 30 Aibreán 1898.

Chuireadh Richard Joyce stampáil ar a shaothar lena chuid ceannlitreacha agus, uaireanta, le hancaire, chun baile na Gaillimhe a léiriú.

Cé go ndearnadh fáinní den chineál seo i nGaillimh ó thús na 1700idí, níor tugadh Fáinne an Chladaigh orthu go dtí na 1840idí, nuair a thug na scríbhneoirí taistil Victeoiriacha, Anna Marie agus Samuel Carter Hall, cuairt ar Ghaillimh agus a scríobh siad faoin gCladach, sráidbhaile iascaireachta ar imeall an bhaile: 'Tá go leor nósanna aisteacha acu ann. Is fiú aird ar leith a thabhairt ar cheann amháin díobh siúd. Is séad fine sa teaghlach é an fáinne pósta. Déantar é a aistriú go rialta (arna dhéanamh ag an máthair dá hiníon aici is túisce a phósann, agus ar aghaidh dá réir chuig an sliocht aicise. Is ór soladach don chuid is mó atá sna fáinní seo.' Bhí sceitse d'Fháinne Chladaigh ag gabháil leis an trácht sin.

Faoi dheireadh na 1800idí, bhí an-tóir ar Fháinne an Chladaigh mar fháinne pósta i nGaillimh agus sa cheantar máguaird, i gConamara agus ar Oileáin Árann, agus bhí siad á dtáirgeadh ag gaibhne óir i nGaillimh agus in áiteanna eile in Éirinn.

Tharla sé gur smaoiníonn daoine ar Ghaillimh nuair a luaitear Fáinne an Chladaigh, a dhéantaí agus a chaití i nGaillimh le breis agus 300 bliain, agus gur siombail é an fáinne d'fhéiniúlacht na hÉireann thar lear, mar gheall ar an éileamh atá air i measc an diaspóra Éireannach (eisimircigh Éireannacha agus a sliocht). Chaith daoine ar nós **Banríon Victoria** agus **Walt Disney** na fáinní, rud a bhí an-trácht air.

De réir an traidisiúin, caitheann duine a bhfuil a chroí nó a croí geallta an fáinne le haghaidh na corónach ag féachaint isteach (i dtreo an ailt), agus caitheann duine a bhfuil a chroí saor an fáinne le haghaidh na corónach ag féachaint amach (i dtreo an ingne).

© Músaem Cathrach na Gaillimhe

Plé B (tar éis an eolas a fháil)



Fáinne Chladaigh.
© Músaem Cathrach na Gaillimhe

© Músaem Cathrach na Gaillimhe

Tar éis duit scéal an fháinne a roinnt, úsáid na ceisteanna seo a leanas chun díospóireacht ranga a threorú.

- Cad iad na trí shuaitheantais atá i bhFáinne an Chladaigh?
- Cé a rinne an Fáinne Cladaigh seo?
- Cé chomh sean is atá sé?
- Cé a chaitheadh é?
- Conas a bheadh a fhios agat dá mbeadh an té a chaith é pósta?
- Conas a fuair an Músaem an fáinne?

Naisc Churaclaim

Ranganna 5 agus 6

Forbraíodh na ceachtanna agus na gníomhaíochtaí seo ag féachaint do churaclam na bunscoile do rang 5 agus rang 6, ach is féidir le múinteoirí iad a chur in oiriúint do riachtanais foghlaimeoirí níos sine nó níos óige.

Stair

- **Forbairt Scileanna agus Coincheap:** Ag Obair mar Staraí
- **Snáitheanna (Snáithaonaid):** Staidéir Áitiúla (Mo cheantar trí na haoiseanna); Scéalaíocht (Scéalta as saol daoine a mhair san ama atá thart); Polaitíocht, coimhlint agus an tsochaí (Éire sa séú agus seachtú haois déag); Leanúnachas agus athrú le himeacht ama (Litríocht, ealaín, ceardaíocht agus cultúr)

Curaclam Teanga na Bunscoile

- **Snáitheanna:** Teanga ó Bhéal; Léitheoireacht; Scríbhneoireacht

Na hAmharcealaíona

- **Snáitheanna (Snáithaonaid):** Líníocht (Líníochtaí a dhéanamh; Breathnú agus freagairt); Tógáil (Tógálacha a dhéanamh; Breathnú agus freagairt)

Drámaíocht

- **Snáitheanna (Snáithaonaid):** Drámaíocht chun mothúcháin, eolas agus idéanna a iniúchadh d'fhonn tuiscint a chothú (Iniúchadh agus déanamh drámaíocht; Comhoibriú agus cumarsáid i ndéanamh drámaíochta)

© Músaem Cathrach na Gaillimhe

Acmhainní

Íomhánna

Tugann an tsiombail íoslódála a úsáidtear sa doiciméad seo le fios go bhfuil íomhá ar fáil lena íoslódáil ón rannán 'Iarsmaí na Gaillimhe' ar shuíomh gréasáin an Mhúsaeim le húsáid sa seomra ranga.

Físeán

Tá físeán gearr ollmhaithe ag Músaem Cathrach na Gaillimhe faoi Fháinne an Chladaigh ar féidir féachaint air sa seomra ranga.

Téigh chuig **www.GalwayCityMuseum.ie/Galway-In-Objects**

Leabhair & Ailt

Rachel Church, *Rings* (2014).

Ida Delamer, 'The Claddagh Ring', *Irish Arts Yearbook Review,* Vol. 12 (1996), pp. 181–187.

W. Dillon & T. Dillon, 'The Claddagh Ring', *Journal of the Galway Archaeological and Historical Society,* Vol. 4, No. 1 (June 1905), pp. 11–16.

Sean McMahon, *The Story of the Claddagh Ring* (2005).

Jack Mulveen, 'Galway Goldsmiths, Their Marks and Ware', *Journal of the Galway Archaeological and Historical Society,* Vol. 46 (1994), pp. 43–64.

Diana Scarisbrick, *Rings: Jewelry of Power, Love and Loyalty* (2013).

© Músaem Cathrach na Gaillimhe

Rinne Músaem Cathrach na Gaillimhe taighde agus forbairt ar an tionscadal Iarsmaí na Gaillimhe ag Éire Ildánach trí Chomhairle Cathrach na Gaillimhe

músaem museum
Músaem Cathrach na Gaillimhe
Galway City Museum

Clár Éire Ildánach
Creative Ireland
Programme

Comhairle Cathrach na Gaillimhe
Galway City Council

© Músaem Cathrach na Gaillimhe

Iarsmaí na Gaillimhe
Galway in Objects



Glaoigh Orainn...

t: +353 (0) 91 532 460

r: museum@galwaycity.ie

p: Músaem Cathrach na Gaillimhe

Paráid na Spáinneach, Gaillimh

H91 CX5P

Uaireanta Oscailte an Mhúsaeim...

Ar oscailt ó Mháirt go Satharn, 10rn go 5in

Dúnta ar Aoine an Chéasta, Lá Nollag agus Lá Fhéile Stiofáin. Dúnfar dánlainne ag 4.45in

TÁ CEAD ISTEACH SAOR IN AISCE